Music Alliance Ireland | Comhaontas Ceoil na hÉireann

Comhaontas Ceoil na hÉireann/Music Alliance Ireland
Foirm Iarratais Ballraíochta 2023

Cé sinne

Is é is Comhaontas Ceoil na hÉireann/Music Alliance Ireland ann ná grúpa eagraíochtaí agus comhlachtaí a tháinig le chéile chun comhghuth a bhunú d'earnáil an cheoil ar oileán na hÉireann.

In earrach na bliana 2020 a bunaíodh an grúpa agus tá páirt glactha aige i roinnt feachtas abhcóideachta ó shin.

Is iad baill reatha an ghrúpa ná an Contemporary Music Centre, Crash Ensemble, Diatribe Records, Improvised Music Company, The Journal of Music, Kirkos, Music Network agus Traid Éireann/ Trad Ireland.

Deich n-uaire in aghaidh na bliana a thagann an grúpa le chéile agus fáilteofar roimh bhaill nua.

Ár nAidhmeanna

Comhghuth d'earnáil an cheoil ar oileán na hÉireann é Comhaontas Ceoil na hÉireann. Is iad na haidhmeanna atá againn faoi láthair ná:

1. Líonra agus guth d'eagraíochtaí ceoil agus do cheoltóirí a bhunú.
2. Abhcóideacht a dhéanamh ar son polasaithe a thacaíonn le forbairt ar gach gné den cheol, an t-oideachas san áireamh.
3. Oibriú i dtreo moil cheoil shuaitheanta a bhunú (spásanna chun cleachtadh a dhéanamh, comhthionscadail, léiriú, riarachán, taifeadadh agus stóráil trealaimh) in ionaid éagsúla ar fud na hÉireann.
4. Feachtasaíocht ar mhaithe le pá ceart do cheoltóirí.
5. Soláthar ceoil a fhorbairt in Éirinn sa saol craoltóireachta agus sna meáin.
6. Tacú le forbairt earnáil na lipéad ceirníní neamhspleácha.

Cláraigh le Comhaontas Ceoil na hÉireann

Tá an Comhaontas oscailte do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí a bhfuil baint acu le saol an cheoil ar oileán na hÉireann. Bí i do bhall chun cabhrú linn díriú ar cheisteanna tábhachtacha a bhaineann le hearnáil an cheoil agus leis na daoine atá ag obair san earnáil sin.

Cuimsíonn ballraíocht:

- Bheith mar chuid de líonra fuinniúil chun eolas a roinnt;

- Cuireadh chun freastal ar chruinnithe poiblí agus do chuid tuairimí a roinnt linn go pearsanta;
- Deis a fháil chun tú féin nó d'eagraíochtsa a ainmniú le haghaidh an ghrúpa stiúrtha ach ionaid a bheith ar fáil;
- Deis a fháil chun mír a chur ar an gclár oibre le plé ag cruinnithe ghrúpa stiúrtha an Chomhaontais
- Nuachtlitir ríomhphoist nuair a bheidh scéala againn le roinnt leat

Chun cur isteach ar bhallraíocht, cuir na sonraí thíos ar fáil dúinn le do thoil.

***

Táillí ballraíochta

Níl táille ar bith le híoc ag daoine aonair nó ag eagraíochtaí nach bhfaigheann maoiniú ar bhonn rialta.

Eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú stáit ar bhonn rialta: €250 in aghaidh na bliana

Comhlánaigh na sonraí thíos, ticeáil an bosca 'Maoiniú stáit' agus gheobhaidh tú sonrasc uainn faoi do tháille ballraíochta. Fáiltímid roimh shíntiúis le haghaidh Chomhaontas Ceoil na hÉireann.

Ionaid ar an ngrúpa stiúrtha

Is féidir le gach ball í/é féin a chur ar aghaidh don ghrúpa stiúrtha.

Próiseálfar iarratais nua nuair a bheidh ionaid ar fáil. Mairfidh ballraíocht ar an ngrúpa stiúrtha ar feadh trí bliana. Deich gcruinniú in aghaidh na bliana a bheidh ann, ar líne nó a mhalairt. D'fhéadfadh go n-iarrfaí ar bhaill an ghrúpa stiúrtha freastal ar chruinnithe poiblí, nó ar chruinnithe a bhaineann le hábhar, lasmuigh de na huaireanta sin más gá.

Measfar iarratais le haghaidh an ghrúpa stiúrtha i gcomhthéacs na mball reatha d'fhonn éagsúlacht a dheimhniú, chun freastal chomh leathan agus is féidir ar an earnáil.

Más spéis leat d'ainm a chur ar aghaidh le haghaidh ballraíochta sa ghrúpa stiúrtha, ticeáil an bosca sin thíos.

D'fhéadfá an fhoirm iarratais chomhlánaithe a chur sa ríomhphost chugainn
ag contact@musicallianceireland.ie

Sínigh le haghaidh Ballraíochta

Ainm:

Seoladh Ríomhphoist:

Uimhir Ghutháin:

Ainm agus Seoladh Gnólachta:

Tabhair cur síos gairid dúinn, más é do thoil é, ar an mbaint atá agatsa nó ag d'eagraíochtsa leis an gceol in Éirinn:

Maoiniú Stáit

- ☐ Faigheann an Eagraíocht seo againne maoiniú stáit ar bhonn rialta

Spéis sa Ghrúpa Stiúrtha

- ☐ Más spéis leat d'ainm a chur ar aghaidh le bheith i do bhall den ghrúpa stiúrtha, ticeáil an bosca seo le do thoil.

Aontú (riachtanach)

- ☐ Is comharghrúpa é Comhaontas Ceoil na hÉireann/Music Alliance Ireland. Oibrímid ar son comhspriocanna seachas ar son cuspóirí a bheadh ag eagraíochtaí nó daoine ar leith. Deimhnigh le do thoil go dtacaíonn tú leis an gcur chuige sin chomh maith leis an sé aidhm atá ag an gComhaontas. Ticeáil le do thoil.

Liosta Seoltaí

- ☐ Más mian leat d'ainmse a bheith ar an liosta seoltaí againn, ticeáil an bosca seo le do thoil. (Nó comhlánaigh an fhoirm ar an suíomh le bheith ar an liosta)